Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11545/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0429 (COD)**

**JAI 951**
**ENFOPOL 251**
**CRIMORG 148**
**IXIM 153**
**DATAPROTECT 230**
**CYBER 334**
**COPEN 264**
**FREMP 235**
**TELECOM 379**
**COMPET 922**
**MI 747**
**CONSOM 229**
**DIGIT 195**
**CODEC 1395**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 357 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 357 final.

Faoi iamh: COM(2026) 357 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 357 final

2025/0429 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac**

GA GA

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 19 Nollaig 2025 (doiciméad COM/2025/797 final – 2025/0429(COD): | |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 21 Eanáir 2026 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 11 Márta 2026 |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | ní bhaineann le hábhar |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 2 Iúil 2026 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Léiríonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, lena n-áirítear scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí trí sheirbhísí ar líne, gur féidir mí-úsáid a bhaint as seirbhísí cumarsáide digití chun cionta tromchúiseacha in aghaidh leanaí a dhéanamh, a éascú agus a bhuanú. Le Rialachán (AE) 2021/1232 (dá ngairtear 'an Rialachán Eatramhach' anseo feasta), bunaíodh maolú sealadach ar roinnt oibleagáidí faoi Threoir 2002/58/CE[1], lena gceadaítear do sholáthraithe seirbhísí áirithe cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir leanúint, ar bhonn deonach agus faoi réir coinníollacha dochta, de theicneolaíochtaí sonracha a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil, a mhéid is fíorghá chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú agus chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí.

Leis an togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Eatramhach a leasú, féachadh le bearna dhlíthiúil a sheachaint fad agus a bhí an chaibidlíocht fós ar siúl maidir le Rialachán fadtéarmach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac[2]. Dá bhrí sin,

[1] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lgh. 37-47).

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.

rinneadh foráil ann maidir le síneadh teoranta breise a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh, gan a shubstaint ná a choimircí a athrú ar shlí eile. Ba é cuspóir an tsínidh sin a áirithiú go bhféadfaí leanúint gan bhriseadh de ghníomhaíochtaí deonacha a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais go dtí go gcomhaontófaí an creat dlíthiúil fadtéarmach agus go dtí go mbeadh sé infheidhme.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Is toradh é an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ar na malartuithe idirinstitiúideacha a rinneadh le déanaí maidir leis an Togra ón gCoimisiún, lena léirítear an cuspóir comhroinnte leanúnachas an chreata shealadaigh a áirithiú don todhchaí, go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach chun críche.

Ina haitheasc chuig an gComhairle Eorpach an 18 Meitheamh 2026, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá leis an Rialachán Eatramhach a chur chun cinn gan a thuilleadh moille agus féachaint ar na coinníollacha chun teacht ar chomhaontú polaitiúil ar an dara léamh. Ar an mbonn sin, chuir Coiste na mBuanionadaithe treoir ar fáil d’Uachtaránacht na Comhairle an 26 Meitheamh 2026 agus chomhaontaigh sé gur cheart glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh a shaothrú mar ábhar práinne.

I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Togra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 2 Iúil 2026. Caomhnaíonn an seasamh ón gComhairle substaint an togra ón gCoimisiún trí chreat sealadach a bhunú lena n-atáirgtear rialacha an Rialacháin Eatramhaigh. I ndeireadh na dála, leis an seasamh sin athbhunaítear, gan éifeacht chúlghabhálach, an maolú ar Airteagail 5(1) agus 6(1) de Threoir 2002/58/CE lena gcumasaítear na gníomhaíochtaí deonacha lena mbaineann, faoi réir coinníollacha sonracha agus gan dochar don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is é is aidhm dó aon bhearna bhreise sa chreat sealadach a sheachaint go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir leis an gcreat fadtéarmach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.